


# >> POLASAÍ A CHRUTHÚ




Spreagfar daltaí scoile chun smaoinimh ar an rud a **chiallaíonn maistíneacht** agus ar **na straitéisí ba chóir a chur chun cinn** le theacht ar réiteach nuair a bhainfear leas as an liosta straitéisí ar an chárta molta. Is féidir tuairimí na ndaltaí ar pholasaí scoile na frithmhaistíneachta a bhailiú mar a leanas agus dá bharr sin an dúnghaois a fheabhsú:

**Bosca molta a chur ar fáil do na daltaí scoile le haghaidh tuairimí gan ainm.**

**Ceistneoir le comhlánú a dháileadh thart nó a chur ar fáil ar an ghréasán scoile.**

**Comórtas scríbhneoireachta a reáchtáil dar teideal 'Dá mbeadh milliúin punt agam le stop a chur le maistíneacht bheinn ...' (tuairim ó www.kidscape.co.uk)**

**Ar theacht ar chritéir le haghaidh póstaeir fhrithmhaistíneachta do na daltaí scoile, comórtas póstaeir a reáchtáil le tuairimí a bhailiú le polasaithe a chruthú.**

Chomh maith is tuairimí na ndaltaí scoile a bhailiú, ba chóir do na múinteoirí, don bhainistíocht agus do na baill de bhord bainistíochta na scoile a bheith ag smaoineamh ar an rud a chiallaíonn maistíneacht agus ar a straitéisí féin le dul i ngleic leis an fhadhb seo ar bhonn:

1. gur féidir teacht ar thuairimí nuálacha ó fhoinsí forleathana
2. gur féidir le dúnghaois a chruthú atá fóirsteanach do riachtanais ar leith na scoile.
3. go ndearbhaítear go poiblí nach gcuirfear suas le maistíneacht.

Bíodh go gcruthaítear nó go bhfeabhsaítear pholasaí fhrithmaistíneachta, tá ceistneoirí féinmheasúnaithe ar fáil le cur leis an phróiseas scríbhneoireachta ón ghréasán ABA (www.anti-bullyingalliance.org.uk), Save the Children (www.savethechildren.org.uk) agus ó www.education.unisa.edu.au

**Ba chóir na gnéithe seo a fháil i polasé fhrithmhaistíneachta:**

a. Ráiteas soiléir nach gcuirtear suas le maistíneacht ó bhall ar bith den scoil (is cuma gurb iad daltaí scoile, múinteoirí, cúntóirí lóin, rúnaithe, airígh, nó duine ar bith eile);
b. Sainmhíniú maistíneachta a n-aontaíonn foireann na scoile agus na daltaí scoile araon leis;
c. Cuir síos ar an nasc idir an pholasí seo agus ráiteas bunchuspóra na scoile;
d. Ag cur in iúl go hoscailte go bhfuil ceangal idir maistíneacht agus ciníochas, frith-homaighnéasacht, gnéasachas, agus frithmhíchumas;
e. Straitéisí le cosc a cur ar mhaistíneacht;

northern ireland commissioner for children and young people




# >> POLASAÍ A CHRUTHÚ




f. Eolas ar an nasc idir an dúnghaois seo agus pholasaithe scoile eile, mar shampla, araíonacht, tréadchúraim, cosaint leanaí, riachtanais oideachais speisialta agus le hiompraíocht a cheansú;
g. Treoirlínte le plé le himeachtaí maistíneachta agus na bealaí chun iad a chur i bhfeidhm mar shampla tréadchúraim, bainistíocht ranga, treoirlínte nó pionóis;
h. Gnásanna le himeachtaí a thaifeadadh;
i. Gníomhartha le ghlacadh má leanann maistíneacht ar aghaidh;
j. Gnásanna leis an pholasaí fhrithmhaistíneachta a iniúchadh.

**Nuair a aontaítear leis an pholasaí fhrithmhaistíneachta:**
Ba chóir treoirlínte a chur ar fáil ar ghníomhartha ar leith le glacadh ag múinteoirí agus daltaí agus ar straitéisí ar leith le tacaíocht a thabhairt don íospartach nuair a tharlaíonn maistíneacht.

Ba chóir é a bheith ar fáil i réim theanga atá fóirsteanach don aos óg agus a bheith ar crochadh in áit ar leith sa scoil.

Ba chóir cóip den pholasaí seo a bheith iniata i ndialann oibre an dalta scoile agus a bheith ar taispeáint sna conairí scoile agus sna seomraí ranga le chur in iúl cé chomh tábhachtach is atá sé.

**Eolas breise:**

>> Treoir ar ghnéithe na pholasaithe frithmhaistíneachta agus an ról atá leis ina haonar nó mar chuid de na pholasaithe scoile .i. pholasaithe ar iompraíocht, ar araíonacht is ar thréadchúraim atá le fáil i 'dTréadchúraim i Scoileanna: Iompraíocht Dhearfach a Chothú' (DENI 2001), Cláir Shlándála an Pháiste mar chuid lárnach den Churaclaim' (CCEA 1999), 'Fócas ar Mhaistíneacht' (Save the Children 2002) faoi choinne mac léinn iarbhunscoile agus 'Rud éigin le Rá' faoi choinne daltaí bunscoile agus an gréasán KIDSCAPE www.kidscape.org.uk.

>> Is féidir treoir ar shainmhíniú maistíneachta a fháil ar www.NCB.org.uk/aba nó www.anti-bullyingalliance.org

>> Le theacht ar thuairimí le dul i dteagmháil le daltaí scoile beir cuairt ar www.consultingpupils.co.uk agus léigh Save the Children (2001) 'Reaction consultation tool kit'. Chuir Mencap i gcló bileog dar teideal 'They won't believe me' le cuidiú a thabhairt do thuismitheoirí, do lucht cúraim, agus do mhúinteoirí i mbun riachtanais oideachais speisialta faoin dóigh le smaoineamh ar an rud a chiallaíonn maistíneacht. Is féidir na bileoga a íoslódáil ó www.mencap.org.uk

NICCY
northern ireland commissioner for children and young people